MOTION

Union of Students in Ireland
Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Fiosrúchán maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla (2003) a chur i bhfeidhm in Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Proposed by: **Leas-Uachtarán don Ghaeilge**

Tugann An Chomhairle Náisiúnta faoi Deara

Go bhfuil polasaí ag AMLÉ a thacaíonn le cur i bhfeidhm agus síneadh Acht na dTeangacha Oifigiúla maidir le heagraíochtaí san earnáil phríobhaideach.

Sainordaíonn An Chomhairle Náisiúnta

An Leas-Uachtarán don Ghaeilge chun fiosrúchán a dhéanamh maidir le hAontas na Mac Léinn in Éirinn a chludú faoi scáth Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, agus má tá sé indéanta, chun coinníollacha agus riachtanais an Achta a chomhlíonadh.

Anuas air sin, sainordaíonn an Chomhairle Náisiúnta

An Leas-Uachtarán don Ghaeilge chun fiosrúchán a dhéanamh ar na féidearthachtaí a bhaineann le Scéim Teanga a chur i bhfeidhm, a thuarann agus a dhaingníonn plean AMLÉ maidir le cur chun cinn na Gaeilge san eagraíocht, agus seirbhísí agus acmhainní trí Ghaeilge a chur ar fáil.

Anuas air sin, sainordaíonn an Chomhairle Náisiúnta

An Leas - Uachtarán don Ghaeilge chun fiosrúchán a dhéanamh maidir leis an fhéidearthacht a bhaineann le haistriúchán a chur ar fáil ar pháipéarachas, chomharthaí, fhograí, agus phostaeir, agus anuas air sin, fiosrúchán a dhéanamh maidir le foilsiúcháin dhátheangacha de thuairiscí bliantiúla a chur ar fáil, faoi scáth an Achta.

Investigation of the Implementation of Official Languages Act (2003) in the operation of the Union of Students in Ireland

National Council notes

USI's policy supporting the implementation and extension of the Official Languages Act, 2003 to bodies in the private sector.

National Council mandates

The Leas-Uachtarán don Ghaeilge to investigate the potential of bringing USI under the umbrella of the Official Languages Act, 2003, and, if applicable, to fulfil the conditions and requirements of the Official Languages Act, 2003.

National Council further mandates

The Leas- Uachtarán don Ghaeilge to investigate the potential of implementing a *Scéim Teanga* (Language Scheme) which forecasts and cements USI's plan for promoting, and providing access to, services and resources through Irish.

National Council further mandates

The Leas - Uachtarán don Ghaeilge to investigate the potential of translating stationary, signs, advertisements, and posters, and well as publishing annual reports bilingually, under the remit of the Official Languages Act, 2003.